SAINCHUNTAS POIST

Cuid I: Déantóir Táirgí

Mar Oibritheoir Táirgthe, beidh tú freagrach as déantús, iniúchadh táirgí, tástáil, lipéadú & pacáil táirgí ionphlandaithe feistí leighis de Ghrád II / III taobh istigh de thimpeallacht íonghlan. Reáchtáiltear na hoibríochtaí go léir faoi chórais dhiana rialaithe cáilíochta de réir chaighdeáin GMP. Oibreoidh an té a roghnófar mar chuid d'fhoireann chun caighdeáin ardcháilíochta / feidhmíocht / caighdeáin sheachadta a choinneáil ar na táirgí go léir atá ag Aran Biomedical.

Cuid II: Eochairsheirbhísí

- Na dualgais go léir a bheidh sannta ag an Maoirseoir Táirgthe nó a (h)Ainmní a chomhlíonadh.
- Oibríochtaí a chomhlíonadh chun nósanna imeachta agus cleachtais sna hionaid dhéantúsaíochta íonghlana a dhoiciméadú, lena n-áirítear próiseáil, pacáil agus lipéadú.
- Bailchríoch a chur agus cloí leis an doiciméadú/na nósanna imeachta go léir de réir mar is gá
- Cloí leis na riachtanais go léir i dtaca le Dea-chleachtas Déantúsaíochta
- Gach iarracht a dhéanamh Spriocanna Aschuir, Toraidh, Éifeachtúlachta agus Tháirgiúlacht na Táirgeachta a bhaint amach
- A chinntiú go ndéanfar na dualgais go léir ar bhealach sábháilte.
- Tacú leis an oiliúint ar fhostaithe nua.
- Tacú le gníomhaíochtaí T&F ar tháirgí agus ar fheistí nua de réir mar is gá
- Cuidiú le agus páirt a ghlacadh i smaointe, tionscadail agus tionscnaimh sábhála costas.
- Glantaí líne a dhéanamh de réir treoirlínte dochta.
- Feidhmchláir ríomhaire a dhéanamh de réir mar is gá.
- Dualgais ghaolmhara eile a chomhlíonadh, de réir mar a shannfar iad

Cuid III: Riachtanais

Caithfidh an té a roghnófar cáilíocht ardteistiméireachta nó a mhacasamhail de leibhéal oideachais a bheith aige/aici. Cé nach bhfuil sé bunriachtanach, bheadh taithí i dtimpeallacht déantúsaíochta fearas leighis inmhianaithe.